

Polasaí Sláinte agus Sábháltachta

Coláiste Naomh Éanna

Cuireadh an ráiteas seo le chéile ag cruinniú de choiste stiúrtha an cholaiste agus tá sé curtha faoi bhráid na foirne ar fad.

Réasúnaíocht

Is ceangal dlithiúil é faoin acht um shábháltacht, Sláinte agus leas ag an obair, 2005, ar gach fostóir, i gcóir leis na fostaithe, Ráiteas Sláinte agus Sábháltachta a ullmhú. Léiríonn sé tiomantacht an choiste stiúrtha do shláinte agus sábháltacht, agus sonraíonn sé an bealach, an t-eagrú agus na hacmhainní atá riachtannach chun caighdeán sláinte agus sábháltachta a chothabhail agus a athbhreithniú.

Ní mór don choiste stiúrtha an clár Sláinte agus Sábháltachta a bhreacadh síos agus a chuir ar fáil do gach fostaí, do sholáthróirí seachtracha seirbhísí agus do hígirí an Údaráis Sláinte agus Sábháltachta. Ní mór don Choiste Stiúrtha a ról maidir le “dualgas cúraim” sa Choláiste a mheas, agus ní mór dó sin a bheith ina chuid lárnach d’aon pholasaí Sláinte agus sábháltachta.

Aidhmeanna

- Timpeallacht coláiste Shábhálta agus shláintiúil a chruthú trí ghuaiseacha agus na rioscaí a bhaineann leo a aithint, agus a chosc agus trí aghaidh a thabhairt orthu.
- Cinntiú go dtuigtear cúram an Choláiste i leith daltaí/mic léinn.
- Pobal an choláiste a chosaint ó thimpistí ag an ionad oibre agus drochshláinte ag an obair.
- Cur síos a dhéanamh ar nósanna imeachta agus cleachtais atá i bhfeidhm chun córais shábhálta oibre a chinntiú.

Treoirlínte

Is cuid lárnach den pholasaí é ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhú agus a chur ar taispeánt. Tá ráiteas pro forma curtha ar fáil ag an Údarás sláinte agus Sábháilteachta agus is féidir é a úsáid agus an ráiteas seo á scríobh. Ní mór don ráiteas an choláiste a ainmniú agus sonraí bainteacha a lua.

Freagrachtaí an Fhostóra – An Coiste Stiúrtha Coláiste Naomh Éanna

- Ionad oibre atá sábháilte a chur ar fáil agus a chothabháil agus an rud céanna a dhéanamh don mheaisínre agus trealamh uile etc.
- Gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú.
- Cinnte go ndéantar rioscaí a mheas agus go bhfaightear réidh le guaiseacha nó go n-íoslaghdaítear iad a mhéid is indéanta go réasúnta.
- Ráiteas sábháilte a ullmhú agus é a thabhairt chun dáta go rialta, go háirithe nuair a tharlaíonn athruithe suntasacha nó nuair nach mbíonn an measúnú riosca bailí níos mó.
- Saoráidí leasa maithe a chur ar fáil agus a chothabháil d'fhostaithe.
- Nósanna imeachta a ullmhú agus a thabhairt cothram le dáta chun déileáil le héigeandáil agus na nósanna imeachta sin a chur in iúl do na fostaithe.
- Duine inniúil a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar aidhmeanna an bhoird maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
- Oiliúint agus eolas a chur ar fáil d'oibrithe I bhformáid agus teanga chuí, lena n-áirítear oiliúint nuair a thosaíonn siad ag an obair.
- Timpistí dáiríre a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- Comhchomhairle bhliantúil a dhéanamh leis na fostaithe agus faisnéis a thabhairt dóibh maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas.

- Éileamh ar fhostóirí a chuireann seirbhísí ar Conradh ar fáil ráiteas sábháilteachta suas chun dáta a choinneáil (m. sh. Péintéirí, lucht glantachain, cuideachtaí bus...)
- Is í **Eimear Ní Chonghaile** an t-oifigeach sábháilteachta atá ceaptha ag an gcoiste stiúrtha. Tá cúrsa garchabharach déanta ag Eimear Ní Chonghaile agus cúrsa déanta aici freisin in úsáid an dí-fhiblitheoir.

Freagrachtaí na bhFostaithe:

Baineann sláinte agus sábháilteacht le gach aon duine. Mar oibrí tá dualgas dhlithiúil agat atá deartha chun tú féin agus na daoine a n-oibríonn tú leo a chosaint.

Áirítear ar na freagrachtaí:

- Gan a bheith faoi thionchar ól mheisciúil a mhéid a chuireann sé isteach ar do shábháilteacht féin nó sábháilteacht do chomhghleacaithe. Glacadh le tástálacha le haghaidh ól mheisciúil de réir mar a ghactar le rialacháin a shonraíonn nósanna imeachta tástála.
- Comhoibriú le fostóir nó daoine eile chun a chinntiú go gcuirtear an dlí um Shláinte agus Sábháilteacht i bhfeidhm.
- Gan aon iompar mícheart a dhéanamh a chuirfidh tú féin nó daoine eile i mbaol.
- Freastal ar oiliúint sláinte agus sábháilteacht agus aon trealamh ag an obair a úsáid i gceart.
- Úsáid a bhaint as na héadaí agus an trealamh cosanta a chuirtear ar fáil.
- Aon chleachtas nó coinníol dainséarach a bhfuil tú ar an eolas faoi a thuairisciú do dhuine cuí.
- Gan cur isteach ar aon trealamh sábháilteachta ag d'ionad oibre agus gan é a mhí-úsáid.

- Má tá aon ghalar nó breoiteacht ort a mbaineann riosca méadaithe leis, é a rá le d'fhostóir.

Teidhlíochtaí ionadaí sábháilteachta (Alt 25 An tAcht um Shábháilteacht, sláinte & Leas ag an obair):

Tá an ceart ag an ionadaí sábháilteachta:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaithe ag an ionad oibre i gcomhairle leis an bhfostóir ar ábhair a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an ionad oibre ar sceideal comhaontaithe leis an bhfostóir nó láithreach má tharlaíonn aon timpist, eachtra dainséarach nó dainséar nó riosca láithreach do shábháilteacht, sláinte agus leas aon duine.
- Oiliúint chuí a fháil.
- Iniúchadh a dhéanamh ar thimpistí agus eachtraí dainséaracha.
- Iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin déanta ag fostaithe.
- Bheith in éineacht le cigire atá ag déanamh iniúchta ag an ionad oibre.
- Ionadaíocht a dhéanamh leis an bhfostóir ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas.
- Ionadaíocht a dhéanamh le cigire agus faisnéis a fháil uaidh nó uaiti.
- Comhchomhairle agus idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe sábháilteachta eile atá ag tabhairt faoin rud céanna.

Saincheiateanna Sláinte

- **Foirm Clárúcháin**

Roimh aon chúrsa iarrtar ar iarrathóirí foirm clárúcháin don chúrsa a líonadh isteach agus a sheoladh chuig an gcoláiste. Ligtear do na hiarrathóirí alléirgí/breiteacht atá ag dul dóibh a aithint.

- **Saincheisteanna sláinte ar leith a bhainistiú**

Cuirtear an fhoireann agus bean an tí ar an eolas maidir le saincheisteanna sláinte a bhaineann le daltaí/ micléinn ar leith trí chruinnithe foirne.

- **Breiteacht nó Gortú**

Tugann beirt den fhoireann dalta/macléinn atá breite nó gortaithe do dtí an dochtúir san ionad leighis i gCill Chiaráin i gCarna nó I Ros Muc. Má tá an dalta/macléinn ró-thinn nó gortaithe go dona cuirtear fios ar an dochtúir teacht go dtí an choláiste agus i gcás fíor phráinneach agus a síltear go bhfuil beatha an dalta/mhic léinn i mbaol cuirtear fios ar an otharcharr atá lonnaithe i gCarna.

- **Breiteachtaí agus galair thógálach**

Leanfar na rialacha atá leagtha síos ag Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte do choláistí. Dúnfar an choláiste ar ordú an dochtúra.

- **Sláinteachas**

Beidh uisce te, gallúnach, tuáillí páipéir ar fáil do na daltaí/micléinn i gcónaí.

- **Garchabhair**

Tá ball foirne cáilithe i ngarchabhair.

- **Ag Ithe go sláintiúil**

Beidh cóip de pholasaí an choláiste maidir le bia folláin á chur ar fáil do na mná tithe maraon le biachlár samplach.

- **Uisce**

Tá uisce óil ar fáil sa choláiste don fhoireann agus do na daltaí.

Saincheisteanna sábháilteachta agus leasa

Daltaí/Micléinn

- **Leabhar teagmhais/eachtraí/timpistí**

Tá leabhar timpistí fágtha in aice leis an mbosca garchabhair.

- **Cód Iompair agus Frithbhulla iochta**

Tá polasaí frithbhullaíocht ag an gcoláiste.

- **Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí-úsáid Leanaí:**

Tá polasaí cosaint leanaí ag an gcoláiste.

- **Turais**

Tá polasaí turais ag an gcoláiste.

An Fhoireann

- **Imréiteach ón nGarda Síochána**

Déanann an choláiste seiceáil garda sula bhfostaítear aon duine.

- **Caidreamh Dearfach Foirne:**

Tá polasaí caidreamh idir múinteoirí ag an gcoláiste

- **Oibríonn fostaithe i dtimpeallacht atá compordach agus sábhálta**
- **Tugtar oiliúint maidir le conas trealamh trom a iompar, múchtóirí dóiteáin a úsáid.**

Critéir Rathúlacha

Táimid ag iarraidh áit shábhálta do gach duine a thagann isteach sa choláiste seo ag aon am ar bith.

Coláiste atá slán ó aon bhaol agus sábháilte do phobal an choláiste.

Dáta don chur i bhfeidhm

Tagann an plean i bhfeidhm: láithreach ag tosú ar an

Sínithe: _____ Cathaoirleach

Sínithe: _____ Rúnaí

